
Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Léarscáil Thuarthach ar Fhairsinge Tuilte Abhann




## Tuilte Abhann

Tarlaíonn tuilte abhann nuair a bhriseann aibhneacha agus sruthanna thar an mbruach agus sreabhann uisce amach ar na limistéir ísle atá in aice láimhe. Baineann an baol tuilte abhann laistigh de limistéar na scéime le hAbhainn na Gaillimhe, Sruthchúrsa Thír Oileáin, Canáil Eglinton agus na taraenna atá suite ar fud na cathrach. Is é an Caighdeán Cosanta sprice i ndáil le tuilte abhann don scéim ná cosc a chur ar thuilte i réadmhaoine le linn eachtraí tuilte le Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil (AEP) 1%.  Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Caighdeán Cosanta na Scéime, féach Forléargas ar na Cláir.

Baineadh leas as samhail hiodrálach dhinimiciúil abhann/taoide de na sruthchúrsaí ábhartha ar fad i gCathair na Gaillimhe agus de na limistéir ina bhfuil tuilemhánna chun measúnú a dhéanamh ar an mbaol go dtarlódh tuilte abhann. Cuimsíodh na príomh-shruthchúrsaí ar fad atá laistigh den limistéar staidéir sa tsamhail. Cuireadh na struchtúir hiodrálacha líonmhara atá suite ar fud na Cathrach ar nós Cora na mBradán, Cora Pháirc an Mhéara, Oibreacha Uisce Thír Oileáin agus na droichid, tóchair agus bualchomhlaí ar fad san áireamh mar chuid den tsamhail hiodrálach. Rinneadh an tsamhail a chalabrú go maith in aghaidh roinnt eachtraí tuilte a tharla sa stair (laistigh de lamháltas 0.1-0.2m de na leibhéil uasta uisce) agus dá bhrí sin, tá an tsamhail sách láidir agus cruinn lena húsáid mar chuid den staidéar.

| Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil | An Dóchúlacht go dTarlódh Eachtra in aon Bhliain ar leith | Tréimhse Athfhillte (Blianta) |
|---|---|---|
| 1% | Seans amháin as 100 | 100 |

Den chuid is mó, is iad na limistéir den scéim atá i mbaol tuilte abhann na limistéir atá suite suas an abhainn ó Chora na mBradán mar is tuilte cósta an phríomhchúis le tuilte síos an abhainn ón gcora. Tá roinnt réadmhaoine i Mionlach lonnaithe in aice leis an tuilemhá ach níl siad i mbaol mar gheall go bhfuil na leibhéil urláir iontu os cionn leibhéal uisce an dearaidh. Tá an limistéar taobh thiar den chlaífort díge atá suite feadh shruthchúrsa Thír Oileáin i mbaol scaileogú uisce thar an gclaífoirt ó Abhainn na Gaillimhe le linn eachtra sáruithe dearaidh. Dá bhrí sin, cuireadh rogha san áireamh chun airde an chlaífoirt reatha a mhéadú d'fhonn an saorbhord atá ar fáil a mhéadú don chás reatha maidir le Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil (AEP) 1% i leith eachtra agus chun an baol i dtaca le scaileogú a laghdú freisin sa chás go dtarlódh eachtra mheán-raoin AEP 1% amach anseo.

Níl sé bunaithe ar thaifid ar thuilte i ndáil le tuilte fíora a tharla san am atá caite. Tagraíonn an léarscáil do dhóchúlacht eachtra tuile ó thaobh céatadán den Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil, nó 'AEP'. Léiríonn sé seo an dóchúlacht go dtarlódh eachtra den déine sin, nó eachtra de dhéine níos measa, in aon bhliain ar leith. D'fhéadfaí an dóchúlacht seo a chur in iúl mar chéatadán freisin (i.e. seans 1% go dtarlódh an tuile seo in aon bhliain ar leith). Chomh maith leis sin, tagraítear di go coitianta de réir na tréimhse athfhillte (i.e. an tuile a tharlódh uair amháin gach 100 bliain, nó an tuile céad bliain, go simplí), cé nach ionann an tréimhse seo agus an t-achar ama a d'imeodh thart idir dhá eachtra dá leithéid, toisc go bhféadfadh dhá eachtra an-dian tarlú laistigh de thréimhse ghearr, cé nach dócha go dtarlódh a leithéid sin.